Coimisiún na Scrúduithe Stáit

***Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2015***

# *Staidéar Foirgníochta*


## *Teoiric - Gnáthleibhéal*

***(200 marc)***

***Dé hAoine, 12 Meitheamh***
***Tráthnóna, 2:00 go 4:30***

***(a)*** *Freagair* **Ceist 1** *agus* **trí** *cheist eile.*
***(b)*** *Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.*
***(c)*** *Ní mór na freagraí a scríobh i ndúch.*
***(d)*** *Ní mór na líníochtaí agus na sceitsí a dhéanamh le peann luaidhe.*
***(e)*** *Scríobh uimhir na ceiste go soiléir roimh gach freagra ar leith.*
***(f)*** *Ba chóir sceitsí néata saorláimhe a dhéanamh chun tuairiscí scríofa a léiriú.*
***(g)*** *Ní mór an t-ainm, na méideanna, na toisí agus na sonraí riachtanacha eile i gcás gach ábhair ar leith a luaitear a bhreacadh ar an líníocht.*


**1.** Taispeánann an sceitse díon tílithe ar phóirse tosaigh. Tá leithead inmheánach 2.0 méadar sa phóirse. Is díon gearrtha traidisiúnta é an díon, tá insliú ann, agus tá claonadh 30° ann. Tá díon an phóirse á iompar ar bhlocbhalla seachtrach coincréite 400 mm a bhfuil cuas 200 mm ann agus é inslithe go hiomlán. Is iad toisí na rachtaí agus ghiarsaí na síleála ná 200 mm × 40 mm. Tá plástarchlár inslithe feistithe ar an taobh íochtarach de ghiarsaí na síleála.



**(a)** Tarraing, de réir scála 1:5, gearradh ceartingearach trí leath amháin de dhíon an phóirse agus taispeáin fad rachta amháin. Taispeáin na gnáthshonraí tógála ó phointe atá 400 mm faoi bhun an mhaide balla, tríd an mballa agus trí na sceimhleacha suas go dtí an maide mullaigh. Taispeáin **trí** chúrsa tíleanna ag leibhéal na sceimhleacha. Bíodh **ceithre** ghnáth-thoise agat.
***Nóta**: Ní gá an doras tosaigh a thaispeáint.*

**(b)** Taispeáin ar do líníocht modh **amháin** chun an maide balla a fheistiú ar an mballa seachtrach.

**2.** Taispeántar sa sceitse teach cónaithe a tógadh breis is 40 bliain ó shin. Is blocbhalla soladach coincréite é an balla seachtrach. Tá sé 300 mm ar leithead agus tá cuas 100 mm ann. Níl aon insliú sa chuas. Tá sé beartaithe an balla seachtrach a insliú mar seo:




- an cuas a líonadh le hinsliú
  ***agus***
- córas inslithe seachtrach a chur leis an mballa.

**(a)** Bain úsáid as nótaí agus sceitsí saorláimhe agus taispeáin na céimeanna atá le leanúint chun **gach** córas inslithe díobh sin a chur leis an mballa.

**(b)** Pléigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le hinsliú a chur le ballaí seachtracha an tí.

**3.** **(a)** Bain úsáid as léaráid aonlíneach agus lipéid uirthi, agus taispeáin an phíbobair atá riachtanach chun uisce **te** agus uisce **fuar** a sholáthar do chithfholcadán measctha, agus chun uisce **fuar** a sholáthar do leithreas, mar a thaispeántar sa sceitse.




Bíodh na nithe seo a leanas sa léaráid agat:
- an príomhphíobán ardaitheach agus an t-umar stórála uisce
- an sorcóir don uisce te
- an ghnáth-phíbobair don chithfholcadán measctha agus don leithreas
- na comhlaí riachtanacha uile.

Cuir isteach ar do léaráid insliú an umair stórála uisce san áiléar agus insliú na píboibre uile.

**(b)** Bain úsáid as nótaí agus sceitsí agus taispeáin **dhá** mhodh chun úsáid an uisce sa seomra folctha a laghdú.

**4.** Taispeánann an chuid scáthaithe den léarscáil láithreán **A** do theach. Taispeántar freisin suíomh an tí **B**, agus an bóthar **C-C**.

**(a)** Tarraing sceitse mór saorláimhe den láithreán a thugtar. Taispeáin ar do sceitse an suíomh is rogha leat do **gach ceann** díobh seo a leanas:





- an bealach isteach sa láithreán ag an mbóthar
- an cabhsán ón mbealach isteach go dtí an teach
- an t-umar múnlaigh agus an láthair shíothlúcháin.

**(b)** I gcás **gach** ceann acu sin thuas, pléigh cúis **amháin** ar roghnaigh tú an suíomh a mholann tú.

**(c)** Tá sé beartaithe tuilleadh crann a chur ar an láithreán. Mol dhá shaghas crainn a bheadh oiriúnach agus taispeáin ar an sceitse cén áit ar an láithreán a gcuirfeá na crainn. Pléigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann leis na crainn a mholann tú a chur ar an láithreán.

**5.** Iompraíonn fotha stéille traidisiúnta an balla seachtrach i dteach cónaithe, mar a thaispeántar sa sceitse. Is de thógáil fráma adhmaid é an balla seachtrach. Tá duille amuigh de bhloic choincréite 100 mm ann, cuas 50 mm, agus duille istigh de fhráma adhmaid inslithe atá 200 mm ar leithead. Is urlár inslithe coincréite é urlár na talún agus bailchríoch de thíleanna cairéil 20 mm air.




**(a)** Tarraing, de réir scála 1:5, gearradh ceartingearach tríd an bhfotha, tríd an mballa seachtrach agus trí urlár na talún. Taispeáin na gnáthshonraí tógála ó bhun an fhotha, tríd an mballa agus trí urlár na talún go leibhéal 400 mm os cionn leibhéal an urláir chríochnaithe. Taispeáin bacainn an radóin agus **ceithre** ghnáth-thoise.

**(b)** Taispeáin go soiléir ar do líníocht, suíomh an inslithe sa bhalla **agus** san urlár.

**6.** **(a)** I gcás **gach** ceann díobh seo a leanas, tarraing an comhartha sábháilteachta ar leith a thaispeánann na píosaí seo a leanas de threalamh cosanta pearsanta (*PPE i mBéarla*):

- lámhchosaint
- cluaschosaint
- súilchosaint.



**(b)** I gcás **gach** ceann díobh sin thuas, luaigh cuid **amháin** ar leith den obair inar chóir an trealamh cosanta pearsanta a thaispeáin tú a chaitheamh ar láithreán tógála.

**(c)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** ghníomhaíocht i seomra an Staidéir Fhoirgníochta ina moltar trealamh cosanta pearsanta a chaitheamh.

**7.** Baintear úsáid as buta uisce chun uisce fearthainne a bhailiú ó dhíon claonta, mar a thaispeántar.



**(a)** Bain úsáid as nótaí agus sceitsí saorláimhe agus taispeáin an phíbobair is gá chun an t-uisce fearthainne a bhailiú ón díon agus a stóráil sa bhuta uisce.


**(b)** Pléigh **dhá** buntáiste agus **dhá** mhíbhuntáiste a bhaineann le buta uisce a úsáid chun uisce fearthainne a stóráil.

**(c)** Pléigh **dhá** chúis a bhfuil sé inmholta uisce fearthainne a bhailiú.

**8.** Bain úsáid as nótaí agus sceitsí saorláimhe agus mínigh **cúig cinn** ar bith díobh seo a leanas:

- déadalt bosca
- druilire gan sreang
- stálú nádúrtha
- gloiniú triarach
- clár sciorta
- lindéar coincréite
- painéal gréine
- feistiú comhbhrú
- bacainn radóin.

**9.** Taispeántar sa sceitse cuid de bhord adhmaid. Lena úsáid lasmuigh a dearadh an bord.



**(a)** Bain úsáid as nótaí agus sceitsí saorláimhe agus taispeáin alt atá oiriúnach chun ráille amháin a shiúntáil le cos an bhoird. Tabhair fáth **amháin** ar roghnaigh tú an t-alt seo.

**(b)** Bain úsáid as nótaí agus sceitsí saorláimhe agus déan plé ar **dhá** ghné den dearadh a dhéanann an bord oiriúnach lena úsáid lasmuigh.

**(c)** Mol bailchríoch oiriúnach don bhord. Bain úsáid as nótaí agus sceitsí saorláimhe agus déan cur síos ar na céimeanna atá riachtanach chun an t-adhmad a ullmhú agus an bhailchríoch a mholtar a chur ar bharr an bhoird.

**Leathanach Bán**

2015 M.77(L)

**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**
*State Examinations Commission*

***Scrúdú Ardteistiméireachta, 2015***
***Leaving Certificate Examination, 2015***

# *Staidéar Foirgníochta*
## *Triail Phraiticiúil*

# *Construction Studies*
## *Practical Test*


*(150 marc/marks)*

## *Duration: 4:00 hours*
## *Fad: 4:00 uair an chloig*


**Note:** For clarity, some hidden detail has been omitted from this drawing.
**Nóta:** Tá roinnt sonraí fágtha ar lár as an líníocht seo ar mhaithe le soiléireacht.

Hand up this examination paper to the **Superintendent** at the end of examination.
Tabhair ar ais an scrúdpháipéar seo don **Fheitheoir** ag deireadh an scrúdaithe.


# Stand for Headphones
# Seastán do Chluasáin





Elevation / Aghaidhchló





End View / Taobhchló




Plan / Bonnchló



***Note:*** Hand up this examination paper to the **Superintendent** at the end of the examination.
***Nóta:*** Tabhair ar ais an scrúdpháipéar seo don **Fheitheoir** ag deireadh an scrúdaithe.

Hand up this examination paper to the **Superintendent** at the end of the examination.

Tabhair ar ais an scrúdpháipéar seo don **Fheitheoir** ag deireadh an scrúdaithe.